

16 Rialú gníomhaíochta other príobháideach in ospidéal ghéarmhíochaine phoiblí

- 16.1** Freastalaíonn ospidéal phoiblí ar othair phoiblí agus phríobháideacha araon. Cé gur ó dheontas ón Státchiste a fhaigheann FSS formhór a hioncaim chun ospidéal a mhaoiniú, faightear ioncam freisin ó tháillí othar príobháideach. In 2017 thug FSS isteach €305 milliún ó tháillí den saghas sin. Fuair FSS ioncam díreach eile ó othair phríobháideacha in ospidéal Alt 38 a mhaoiníonn FSS.¹
- 16.2** Príomhaidhm ag FSS is ea rochtain, chóir, chothrom agus thráthúil a sholáthar ar sheirbhísí sláinte atá ar ardchaighdeán agus sábháilte agus de dhíth ar dhaoine. Chun an méid sin a bhaint amach caithfidh FSS a chinntiú nach mbaineann gníomhaíochtaí príobháideacha giniúna ioncaim laistigh d'ospidéal poiblí de phrionsabal na rochtana cothroime.
- 16.3** Cuireann na conarthaí faoina bhfostaítear sainchomhairleoirí leighis in ospidéal atá maoinithe ag an FSS teorainn leis an méid cúraim phríobháidigh ar féidir leo a sholáthar. Bíonn teorainneacha éagsúla i bhfeidhm ag brath ar chineál an chonartha.
- 16.4** Cuireadh faoi chaibidil sa tuarascáil seo
- conas mar a rialaíonn FSS leibhéal na gníomhaíochta príobháidí in ospidéal phoiblí ar fud an chórais géarmhíochaine ón leibhéal náisiúnta anuas go dtí leibhéal na sainchomhairleoirí
 - an sásaíonn feidhmíocht FSS na heochair-chritéir a ghabhann le tomhas feidhmíochta maith.²

¹ Faoi Alt 38 den Acht Sláinte 2004, féadfaidh FSS socrú a dhéanamh le comhlacht nó le duine chun seirbhísí sláinte agus seirbhísí sóisialta pearsanta a sholáthar thar ceann FSS; is seirbhísigh phoiblí iad fostaithe comhlachta den sórt sin.

² Tá achoimre i bhFíor 16.9 ar na heochairchritéir chun feidhmíocht mhaith a thomhas.

Gníomhaíocht Náisiúnta

- 16.5** Ar an iomlán, déanann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte iarracht gníomhaíocht chóireála príobháidí a theorannú go 20% in ospidéal phríobháideacha in Éirinn. Úsáideann FSS faisnéis atá sa Scéim Faisnéise Ospidéal d'Othair Chónaitheacha (SFOO) chun monatóireacht a dhéanamh ar an leibhéal gníomhaíochta príobháidí.
- 16.6** Mar a thaispeántar i bhFíor 16.1, tagann gníomhaíochtaí ospidéal poiblí géarmhíochaine i gceithre chatagóir leathana a bhaineann le comhairleoirí míochaine.


Fíor 16.1 Gníomhaíochtaí ospidéal poiblí géarmhíochaine, 2017

Cineál	Mionsonraí	Líon	Gníomhaíocht	Taifeadta ar an SFOO
Othair Chónaitheacha	Othar a ligeadh isteach lena chóireáil nó a scrúdú agus a sceidealáíodh le fanacht ar feadh oíche amháin ar a laghad in ospidéal.	635,802	Poiblí agus príobháideach	✓
Cásanna lae	Othair a ligeadh isteach le haghaidh gnáthamh leighis nó máinliachta ar maidin agus a scaoileadh amach um thráthnóna.	1,054,659	Poiblí agus príobháideach	✓
Freastail ar rannóg éigeandála	Cuairt neamhphleanáilte ag othar le haghaidh cóir leighis. D'fhéadfadh freastail dá leithéid a bheith ar iarratas ó Dhochtúir Ginearálta. I gcásanna áirithe dá leithéid ní mór othar a ligean isteach mar othar cónaitheach.	1,416,449	Poiblí amháin ^a	✗
Freastail othar seachtrach	Freastalaíonn othar ar shainchomhairleoir nó ar bhall d'fhoireann máinliachta nó míochaine an tsainchomhairleora ag éirí as atreorú. Is i gclínici a dhéantar freastail dá leithéid.	3,303,921^b	Poiblí amháin ^a	✗
Iomlán		6,410,831		

Foinse: Tuarascáil Feidhmíochta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte Eanáir 2018

- Nótaí:
- a Foráiltear i gconradh an tsainchomhairleora nach ngearrfaidh sainchomhairleoirí táillí príobháideacha ar othair a fhreastalaíonn ar rannóga éigeandála nó ar sheirbhísí poiblí othar seachtrach in ospidéal poiblí.
 - b Cuimsíonn freastail a tharla in ionad sláinte nó in ionad cúraim phríomhúil.

16.7 Forbraíodh an Scéim Faisnéise Ospidéil d'Othair Chónaitheacha chun faisnéis faoi chásanna othar cónaitheach agus lae a bhailiú. Tagraíonn faisnéis faoi stádas poiblí/príobháideach a bhailítear le SFOO do cé acu ar fhreastail sainchomhairleoir ar an othar ar bhonn príobháideach nó poiblí. Thart ar 84% ar an meán ab ea ráta na gníomhaíochta poiblí in ospidéal poiblí ghéarmhíochaine idir 2012 agus 2017 (feic Fíor 16.2).

Fíor 16.2 Scaoilte amach ó ospidéal poiblí géarmhíochaine, 2012 go 2017

Foinse: Scéim Faisnéise Ospidéil d'Othair Chónaitheacha FSS


Dea-shainithe

- 16.8** Tá an tomhas ar phoiblí/príobháideach bunaithe ar aonaid ualaithe de bhabhta cóireála a chomhairtear ag an bpointe scaoilte ón ospidéal. Déantar é sin trí chóimheas na n-othar príobháideach agus na n-othar poiblí a dtugtar cóir leighis dóibh a ríomh nuair a dhéantar gach cás a choigeartú dá chastacht, don fhad ama a fanadh agus d'ionchur an tsainchomhairleora sa chás.¹ Ní dhéanann sé taifead ar ghníomhaíochtaí neamh-chliniciúla ná ar an méid ama a chaith sainchomhairleoir míochaine le hothar aonair.
- 16.9** Nuair a aontaíodh conradh na sainchomhairleoirí, d'aontaigh páirtithe uile an chonartha go n-úsáidfí SFOO chun gníomhaíocht phoiblí agus phríobháideach i gcásanna othar cónaitheach agus lae a thomhas. Aontaíodh freisin go ndéanfaí córais eile a fhorbairt chun am na sainchomhairleoirí le hothair sheachtracha agus le gníomhaíocht dhiagnóiseach a bhailiú. Ní dhearnadh aon fhoráil sna comhaontuithe don am a chaitear sa rannóg éigeandála.
- 16.10** Níl aon chóras ann chun an méid ama a chaitheann sainchomhairleoir ar ghníomhaíochtaí othar seachtrach. Bhí gach ospidéal chun a shocruithe féin a dhéanamh chun gníomhaíocht dhiagnóiseach a thomhas, ach níl faisnéis ar fáil go lárnach faoina mhéad is a bhfuil córais den saghas sin i bhfeidhm agus a mhéad is a úsáidtear iad chun gníomhaíocht sainchomhairleoirí a thomhas. Ní léir ach oiread conas a dhéanfaí an fhaisnéis atá ar fáil go háitiúil faoi ghníomhaíocht dhiagnóiseach a cheangal le sonraí SFOO chun gur féidir teacht ar chonclúidí maidir le leibhéal na gníomhaíochta poiblí agus príobháidí ag sainchomhairleoir in ospidéal poiblí géarmhíochaine.

Inchurtha i leith

- 16.11** Chun go mbeidh an tomhas ar ghníomhaíocht phoiblí agus phríobháideach ina thomhas maith ar fheidhmíocht, caithfidh gur féidir gníomhartha atá inchurtha i leith FSS tionchar a imirt ar ghníomhaíocht laistigh den ospidéal poiblí. Tá áfach cumas FSS athruithe a dhéanamh ar an leibhéal gníomhaíochta príobháidí laistigh d'ospidéal poiblí teoranta.
- 16.12** Léiríonn faisnéis san SFOO faoi othair chónaitheacha idir 2012 agus 2017 gur ligeadh isteach tromlach na n-othar cónaitheach tar éis dóibh freastal ar rannóg éigeandála nó ba chásanna máithreachais iad (feic Fíor 16.3). Sna cásanna seo, níl smacht ag FSS ar phátrún na n-othar poiblí agus príobháideach a thagann ag lorg cóir leighis, agus i ngach cás, tugtar cóir leighis d'othair de réir tosaíocht chliniciúil.

Fíor 16.3 Scaoilte amach ó ospidéal, 2012 go 2017



Foinse: Scéim Faisnéise Ospidéal d'Othair Chónaitheacha

16.13 Roghnaithear othair chónaitheacha lena ligean isteach le haghaidh cóir leighis ar bhonn toghthach ó liosta feithimh i gcomhréir le *Prótacal Bainistithe an Liosta Feithimh Náisiúnta*. Sonraítear ann go ndéantar tosaíocht chliniciúil — ‘gnáth’ nó ‘práinneach’ a shannadh ar gach othar a chuirtear leis an liosta feithimh. Foráiltear ann freisin go ndéantar othair a sceidealú le haghaidh cóir leighis san ord seo a leanas

- tosaíocht 1 — othair a bhfuil gá acu le cóireáil phráinneach i gcás inar cuireadh cóireáil ar ceal cheana
- tosaíocht 2 — othair a bhfuil gá acu le cóireáil phráinneach
- tosaíocht 3 — othair nach bhfuil gá acu le cóireáil phráinneach agus ar cuireadh cóiríocht dóibh ar ceal cheana
- tosaíocht 4 — othair nach bhfuil gá acu le cóireáil phráinneach a roghnú ar bhonn croineolaíoch.

Infhíoraithe

16.14 Aon chóras a úsáidtear chun faisnéis faoi fheidhmíocht a tháirgeadh ba cheart go mbeadh sé faoi réir a fhíoraithe ar bhonn rialta. In 2015, d’fhostaigh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte sainchomhairleoir seachtrach chun athbhreithniú a dhéanamh ar shonraí SFOO agus measúnú a dhéanamh an raibh na sonraí ar chaighdeán ard go leor le go dtacódh siad le samhail mhaoiniúcháin ghníomhaíocht-bhunaithe a thabhairt isteach in earnáil na n-ospidéal géarmhíochaine.¹

16.15 Fuarthas san athbhreithniú go raibh caighdeán shonraí SFOO maith go leor le haghaidh maoiniú gníomhaíocht-bhunaithe in ospidéal ghéarmhíochaine. Fuarthas san athbhreithniú áfach nach raibh ospidéal i gcoitinne ag léiriú fíor-chastacht chliniciúil agus go raibh gá leis an éagsúlacht idir ospidéal a laghdú. Luadh san athbhreithniú go bhfuil sé ríthábhachtach struchtúr agus caighdeán an taifid leighis a fheabhsú chun feabhas a chur dá réir ar chaighdeán an chóraithe chliniciúil reatha.

Gníomhaíocht ospidéil

16.16 Roimh 2013 rialaíodh leibhéil ghníomhaíochta príobháidí sna hospidéal phoiblí trí ainmníocht leapacha — ainmníodh leapacha in ospidéal phoiblí a bheith poiblí nó príobháideach agus bhí teorainneacha ar ghníomhaíocht phríobháideach bunaithe ar chóimheas na leapacha príobháideacha. I bhformhór na gcásanna bhí sé seo ag thart ar 20%. Chuir an tAcht Sláinte (Leasú) 2013 deireadh le hainmníocht leapacha, rud a chuir deireadh leis an teorainn sin.

16.17 Tá 48 ospidéal géarmhíochaine á bhfeidhmiú nó á maoiniú ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte. Faoi láthair níl aon spriocleibhéal don ghníomhaíocht phríobháideach leagtha síos d’ospidéal aonair. Léiríonn sonraí SFOO ag deireadh 2017 go raibh gníomhaíocht chóireála phoiblí os cionn 80% i thart ar 70% d’ospidéal d’othair chónaitheacha (Fíor 16.4) agus 65% do chásanna lae (Fíor 16.5).

Inchomparáide

16.18 Le go mbeidh FSS in ann monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí i leibhéil ghníomhaíochta poiblí agus príobháidí agus iad a bhainistiú, ba cheart go mbeadh an tomhas inchomparáide idir tréimhsí reatha agus tréimhsí imithe tharainn, agus idir ospidéal. Go ndéanann FSS comparáid idir leibhéal gníomhaíochta ospidéal don tréimhse reatha agus tréimhsí atá imithe tharainn, ní dhéanann sé comparáid idir ospidéal aonair.


¹ I mí Eanáir 2016, thug FSS isteach cistiú ar bhonn gníomhaíochta in earnáil na n-ospidéal géarmhíochaine. Faoi gcistiú ar bhonn gníomhaíochta, cuirtear leithdháiltí deontais ar fáil d’ospidéal bunaithe ar phraghsanna comhaontaithe náisiúnta agus ar líon agus meascán na n-othar a gcuireann siad cóireáil orthu.

16.19 Tá srian ar ospidéal ó thaobh phátrún na gníomhaíochta poiblí agus príobháidí ag éileamh cóir leighis a rialú, rud a d'fhéadfadh rátaí inathraithe an árachais sláinte phríobháidigh ina limistéir daonra a léiriú. D'fhéadfadh tosca eile nach bhfuil smacht ag ospidéal orthu tionchar a imirt ar leibhéil ghníomhaíochta poiblí agus príobháidí lena n-áirítear

- speisialtachtaí an ospidéal
- cibé an ospidéal mór é a thugann cúram éigeandála agus casta nó an ospidéal beag é a thugann cúram nach bhfuil chomh casta céanna, cúram lae agus cúram toghthach
- cibé an bhfuil seirbhísí inchomparáide ar fáil in ospidéal príobháideach eile gar dó
- i gcás nach bhfuil ospidéal príobháideach sa réigiún céanna ina bhfuil ospidéal poiblí - ní mór an obair phríobháideach riachtanach a dhéanamh tríd an ospidéal poiblí
- na cineálacha éagsúla conarthaí do shainchomhairleoirí san ospidéal
- cibé an bhfuil ceapacháin dheighilte ag sainchomhairleoirí san ospidéal sa mhéid is go n-oibríonn siad in dhá shuíomh ospidéal nó níos mó - is féidir cóimheas ard i suíomh amháin a chúiteamh le cóimheas íseal i suíomh eile.

16.20 Fiú in ospidéal speisialaithe, éiríonn éagsúlachtaí suntasacha i gcóimheas na cóireála poiblí. Mar shampla, bhí éagsúlachtaí sa chion cóireála d'othair chónaitheacha in ospidéal mháithreachais in 2017 ó 66% san Ospidéal Náisiúnta Máithreachais go 85% in Ospidéal an Rotunda. Ar an mbealach céanna, thug Ospidéal Ortaipéideach Chromadh cóireáil do 49% othair phoiblí in 2017, i gcomparáid le 86% in Ospidéal Náisiúnta Ortaipéideach na Ceapaí.


Fíor 16.4 Céatadán na cóireála ar othair chónaitheacha ar bhonn poiblí in ospidéal ghéarmhíochaine phoiblí in 2017



Foinse: Scéim Faisnéise Ospidéal d'Othair Chónaitheacha FSS

Nóta: a Fágтар amach Ospidéal Ginearálta Mhuineacháin toisc gur ospidéal lae amháin é nach dtugann seirbhís d'othair chónaitheacha.

Fíor 16.5 Céatadán na cóireála i gcásanna lae ar bhonn poiblí in ospidéal géarmhíochaine phoiblí in 2017



Gníomhaíocht sainchomhairleoirí leighis

- 16.21** Tá tromlach na sainchomhairleoirí leighis fostaithe faoi chonradh a comhaontaíodh in 2008 idir FSS, an Roinn Sláinte agus eagraíochtaí ionadaíocha na sainchomhairleoirí leighis. Foráiltear sa chonradh nach féidir le méid chleachtadh príobháideach an tsainchomhairleora a bheith níos mó ná 20% dá ualach oibre in aon cheann dá ghníomhaíochtaí clínicíúla, othair chónaitheacha, cúram lae agus othair sheachtracha san áireamh.
- 16.22** Tá teorainneacha de suas le 30% ar obair phríobháideach ag sainchomhairleoirí leighis atá fostaithe faoi shocruithe conartha a rinneadh roimhe seo agus a aistríodh go dtí conradh 2008. I gcás sainchomhairleoirí a fhostaítear faoi théarmaí conartha a aontaíodh i 1991 agus 1997 tá teorainneacha ar chleachtadh príobháideach orthu atá bunaithe ar chóras ainmníochta leapacha a bhí i bhfeidhm in ospidéal suas go 2013. I bhFíor 16.6 tugtar mionsonraí ar na cineálacha éagsúla conarthaí do shainchomhairleoirí leighis amhail i Nollaig 2017.

Fíor 16.6 Cineálacha conarthaí do shainchomhairleoirí leighis amhail ar an 31 Nollaig 2017

Grúpa	Cineál conartha	Líon	Teorainn phríobháideach ar an láthair	Cleachtadh príobháideach lasmuigh den láthair atá ceadaithe	
				Othair Sheachtracha	Othair Chónaitheacha
Conradh 2008 — ceapacháin nua	A	558	n/b	○	○
	B (b)	1,343	20%	○	○
	C	141	20%	●	●
Conradh 2008 — sainchomhairleoirí atá ann cheana	B (a)	519	30%	●	○
	B (*)	302	30%	●	●
Conarthaí eile	1997 (1)	200	AL ^a	●	○
	1997 (2)	162	AL ^a	●	●
	1991 (2)	2	Teorainn ar bith	●	●
Iomlán		3,227			

Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte


Nóta: a AL = ainmníocht leapacha. Sainchomhairleoirí ar féidir leo dul i mbun cleachtas príobháideach ar an láthair faoi réir an riachtanais nach sáróidh cion foriomlán an tsainchomhairleora d'othair phríobháideacha cóimheas na leapacha príobháideacha ainmnithe.

● Tá
○ Níl

- 16.23** Bhí méadú ar líon na sainchomhairleoirí ó 2,400 i 2009 go dtí breis is 3,200 ag deireadh 2017. Tá cion na sainchomhairleoirí a bhfuil conradh Chineál A acu tite thart ar 12% thar an tréimhse chéanna (Fíor 16.7).

16.25 Thug an Roinn Sláinte dá haire gurb é an phríomhchúis gur thit líon na gconarthaí Chineál A ná nár cuireadh i bhfeidhm arduithe céimnithe tuarastail, dá bhforáiltear sa chonradh chun an easpa cearta chun cleachtadh príobháideach a chúiteamh, in éineacht leis na ciorruithe pá a tugadh isteach faoin Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009. Rinne sé seo poist Chineál A, nuair is é an tuarastal amháin a fhaigheann an sainchomhairleoir mar luach saothair agus ní ceadmhach dó nó di dul i mbun cleachtadh príobháideach de shaghas ar bith, a dhídhreasú.

Fíor 16.7 Gluaiseachtaí ar chineálacha conartha idir na blianta 2009 agus 2017



Foinse: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

16.26 Cé go bhfuil raon idir 0% agus 30% ar theorainneacha ar chleachtadh príobháideach i gcás fhormhór na sainchomhairleoirí leighis, tá an sprioc náisiúnta de 20% ag teacht leis an meascán reatha de chineálacha conarthaí sainchomhairleoirí leighis mar a léiríonn na huairéanta ualaithe atá i bhFíor 16.8.

Fíor 16.8 Teorainneacha ar chóireáil phríobháideach bunaithe ar an meascán reatha de chineálacha conartha

Cineál conartha	Líon na sainchomhairleoirí	Líon na n-uaireanta ag gach sainchomhairleoir ^a	Iomlán na n-uaireanta	Teorainn phríobháideach	Iomlán na n-uaireanta príobháideacha	Ráta príobháideach foriomlán
A	558	1,872	1,044,576	0%	—	
B(b)	1,343	1,872	2,514,096	20%	502,819	
C	141	1,872	263,952	20%	52,790	
B (a)	519	1,872	971,568	30%	291,470	
B (*)	302	1,872	565,344	30%	169,603	
Eile	364	1,872	681,408	27.5% ^b	187,387	
Iomlán:	3,227		6,040,944		1,204,069	19.9%

Foinse: Anailís arna déanamh ag Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Nótaí: a Glac leis go ndéanann gach sainchomhairleoir seachtain 39 uair an chloig le ceithre seachtaine de shaoire bhliantúil.

b Na sainchomhairleoirí sin a bhfuil teorainn ar a n-obair phríobháideach bunaithe ar ainmníocht leapacha is féidir an raon a bheith idir 10% agus 45%. Chun críocha na hanaílise glacadh le meánphointe 27.5%.

Monatóireacht ar chonarthaí sainchomhairleoirí

- 16.27** Chun críche an scrúdaithe seo, lorgaíodh faisnéis ó FSS maidir le leibhéil ghníomhaíochta poiblí agus príobháidí sainchomhairleoirí aonair don bhliain 2017. Ní raibh FSS in ann an fhaisnéis seo a sholáthar toisc nach ndéanann siad monatóireacht ná tiomsú ar fhaisnéis ag leibhéal an tsainchomhairleora aonair.
- 16.28** In 2017, d'fhostaigh FSS athbhreithneoir seachtrach chun leibhéil ghníomhaíochta príobháidí sainchomhairleoirí a scrúdú mar thaca le cosaint FSS ar chás dlí sainchomhairleoirí ospidéil. Ceann de chuspóirí an athbhreithnithe ba ea an leibhéal neamh-chomhlíontachta le teorainneacha ar chleachtadh príobháideach conarthach san earnáil a mheas.
- 16.29** Scrúdaigh an t-athbhreithneoir seachtrach sampla de chóimheasa de chleachtadh poiblí/príobháideach do chásanna lae agus cúram othar seachtrach, do na blianta 2010 go 2016, do 413 sainchomhairleoir atá bainteach leis an gcás dlí. Ní raibh na bunsonraí ar fáil lena n-athbhreithniú agus bhí gá le tuairisc chomhlánaithe a fháil ó gach ospidéal inar tugadh briseadh síos ar ghníomhaíocht gach sainchomhairleora ina raibh idirdhealú ar obair phoiblí agus phríobháideach agus cásanna othar cónaitheach agus cásanna lae. Luaigh an t-athbhreithneoir seachtrach go raibh bearnaí suntasacha sna tuairiscí a tugadh toisc sainchomhairleoirí a bheith imithe ar scor, gan aon chóras tomhaiste gníomhaíochta comhaontaithe a bheith i bhfeidhm, agus toisc nach raibh faisnéis ar fáil ón SFOO ar nós tuairiscí raideolaíochta. Chuir sé seo srian ar na conclúidí a bhféadfaí teacht orthu.
- 16.30** Ba é conclúid an athbhreithnitheora sheachtraigh, sna cásanna ina raibh sonraí ar fáil, nach raibh thart ar thrían de shainchomhairleoirí ag comhlíonadh na dteorainneacha riachtanacha ar obair phríobháideach. Tá áfach éiginnteacht maidir le hionadaíochas na dtorthaí i bhfianaise líon na gcásanna a scrúdaigh an t-athbhreithneoir agus na dúshláin a bhí ann maidir le sonraí.

Forbairtí le déanaí

- 16.31** In Iúil 2017, scríobh Ard-Rúnaí na Roinne Sláinte go dtí Ard-Stiúrthóir FSS agus luaigh ábhair imní aige go bhféadfadh sainchomhairleoirí a bheith ag sárú an leibhéil cleachtaidh phríobháidigh atá ceadaithe laistigh de chóras na n-ospidéal poiblí agus go bhféadfaidís a bheith ag sárú a gceart chun cleachtadh seachtrach le linn dóibh a bheith fostaithe faoi chonradh nach ceadaíonn aon chleachtadh seachtrach.
- 16.32** In Aibreán 2018, chomhaontaigh an Roinn Sláinte agus FSS socruithe monatóireachta leasaithe. San áireamh sna socruithe nua tá ráitis dearbhaithe/chomhlíontachta ó shainchomhairleoirí aonair leis an ospidéal, tuairisc bhliantúil ón ospidéal go dtí grúpa an ospidéil agus dearbhú i scríbhinn ó ghrúpa an ospidéil go dtí an Stiúrthóir Náisiúnta na nOspidéal Géarmhíochaine FSS ag dearbhú chomhlíonadh na dteorainneacha ar chleachtadh príobháideach. Tá sonraí faoi na socruithe leasaithe seo leagtha amach in larscríbhinn 16A.

Conclúidí

- 16.33** Déanann ospidéal ghéarmhíochaine phoiblí in Éirinn gníomhaíocht phoiblí agus phríobháideacha araon. Formhór an mhaoinithe d'ospidéal phoiblí tagann sé ó dheontas ón Státchiste. Tagann an t-iarmhéid ó ioncam ó tháillí ar othair phríobháideacha. In 2017, fuair Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ioncam thart ar €305 milliún ó othair phríobháideacha.

- 16.34** D'fhonn leibhéal cinnte d'acmhainn ospidéal géarmhíochaine d'othair poiblí a chaomhnú, déanann FSS iarracht ag leibhéal náisiúnta gníomhaíocht phríobháideach a theorannú ag 20%. Suas go 2013, thug cóimheas na leapacha poiblí le leapacha príobháideacha in ospidéal poiblí bonn chun gníomhaíocht chóireála príobháidí a theorannú. Ó cuireadh deireadh le hainmníocht leapacha, níl aon teorainn chinnte in ospidéal aonair ar ghníomhaíocht phríobháideach. D'fhéadfadh raon 0% go 30% a bheith i gceist le leibhéil chonarthaigh an chleachtaidh phríobháidigh ag tromlach na sainchomhairleoirí aonair.
- 16.35** I bhfírinne, tá teorainn leis an smacht atá ag FSS, ospidéal agus ag sainchomhairleoirí aonair ar leibhéil na gníomhaíochta príobháidí ós iontrálacha máithreachais nó ó rannóga éigeandála iad tromlach na n-othar a ligtear isteach in ospidéal, agus ní mór iadsan a ligean isteach agus a chóireáil ar bhonn tosaíocht chliniciúil.
- 16.36** Déanann FSS monatóireacht leis an gcóras SFOO ar na leibhéil ghníomhaíochta laistigh d'ospidéal poiblí ghéarmhíochaine. Mar a léirítear i bhFíor 16.9 áfach tá laigí suntasacha ag baint le húsáid an tomhais seo mar phríomh-mhéadracht feidhmíochta sa chóras.
- 16.37** Cé go bhfuair athbhreithniú seachtrach in 2015 go raibh caighdeán shonraí SFOO leordhóthanach le haghaidh maoiniú gníomhaíocht-bhunaithe in ospidéal ghéarmhíochaine, luadh ann go raibh ospidéal i gcoitinne ag déanamh beag den fhíorchastacht chliniciúil. Ní dhéanann FSS comparáidí maidir le leibhéil ghníomhaíochta idir ospidéal ná idir shainchomhairleoirí aonair chun monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí gníomhaíochta thar thréimhsí ama.

Fíor 16.9 Cóireáil phríobháideach in ospidéal ghéarmhíochaine — áisiúlacht mar thomhas ar fheidhmíocht

		Leibhéal náisiúnta	Leibhéal an ospidéil	Leibhéal an tsainchomhairleora
<i>Teorainn ar chleachtadh príobháideach</i>		$\leq 20\%$	<i>Dada</i>	$0\%-30\%^a$
Critéir				
Ábhartha	Pléann an tomhas le baint amach an chroí-chuspóra feidhmíochta	✓	✓	✓
Inchurtha i leith	Cumas ag an ngníomhaire tionchar a imirt ar an leibhéal gníomhaíochta laistigh d'ospidéal poiblí	✗	✗	✗
Seachnaíonn dreasachtaí saobha	Ní dócha go dtiocfaidh toradh saobh as an tomhas a úsáid (ar nós othair phoiblí a fhágáil gan rochtain chothrom acu ar ospidéal phoiblí)	✓	✓	✓
Dea-shainithe	Is furasta an tomhas a thuiscint agus tá sé rialta, agus tomhaiseann sé a raibh i gceist Léiríonn na sonraí an ghníomhaíocht phoiblí agus phríobháideach chliniciúil uile a bhfuil baint ag sainchomhairleoirí leighis léi	✗	✗	✗
Inchomparáide	Ba cheart go mbeifí in ann an tomhas a chur i gcomparáid e.g le tréimhsí atá imithe nó idir gníomhairí atá cosúil leis	✓	✗	✗
Tráthúil	An tomhas a bheith in úsáid minic go leor agus tapa go leor chun dul chun cinn a rianú agus le go mbeidh sé úsáideach	✓	✓	✗
Infhíoraithe	Is féidir an próiseas trína ndéantar gníomhaíocht phoiblí/phríobháideach a thaifead a fhíorú	✓	✓	✓

Foinse: Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Nóta: a I gcás na sainchomhairleoirí sin a bhfuil a dtéarmaí bunaithe ar ainmníocht leapacha, d'fhéadfadh an raon a bheith idir 10% agus 45%.

Iarscríbhinn 16A An Roinn Sláinte agus Tomhais Dearbhaithe Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Fíor 16A.1 Tomhais dearbhaithe atá beartaithe chun dul i ngleic le neamh-chomhlíontacht sainchomhairleoirí

Tomhas dearbhaithe	Mionsonraí
An Roinn Sláinte	
Ciorclán maidir le droch-ainmníocht	Ciorclán le heisiúint chun a athdhearbhú, d'ainneoin an athraithe reachtaigh laistigh den Ordú um an Acht Sláinte (Leasú), 2013 maidir leis an ainmníocht, imríonn na cóimheasa ospidéal réamhshocraithe fós tionchar ar na sainchomhairleoirí sin a bhfuil conarthaí 1997 acu.
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	
Ráiteas bliantúil comhlíontacha	Ráiteas bliantúil comhlíontachta a bheith críochnaithe ag sainchomhairleoirí mar chuid de phróiseas um fhorchinníú rialuithe. Déanfaidh grúpaí Ospidéal maoirseacht ar an bpróiseas agus d'fhéadfadh sé bheith faoi réir iniúchadh tréimhsiúil.
Tuarascáil Bhliantúil	Tuarascáil bhliantúil ó gach Ospidéal do gach Príomhfheidhmeannach Grúpa Ospidéal ag dearbhú - chomhlíonadh na dtéarmaí conartha maidir le cleachtadh príobháideach, lena n-áirítear forálacha do chleachtadh ar an láthair agus lasmuigh den láthair - go dtugtar tuairiscí do gach sainchomhairleoir go míosúil ar chleachtadh poiblí/príobháideach - go bhfuil socruithe foirmeálta le stiúrthóirí cliniciúla chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht sainchomhairleoirí aonair maidir lena n-uaireanta an chloig conarthacha agus a dteorainneacha ar chleachtadh príobháideach a bheith á gcomhlíonadh - go bhfuil pleananna oibre faoi réir athbhreithniú tréimhsiúil (bliantúil ar a laghad) agus nuair a dhéantar athbhreithnithe dá leithéid go bhfuil próisis oiriúnacha i bhfeidhm chun meascán poiblí/príobháideach le haghaidh idirghabhálacha/gníomhartha ag sainchomhairleoirí neamhghlactha.
Cruinnithe feidhmíochta míosúla	Cruinnithe feidhmíochta míosúla idir ospidéal agus grúpaí ospidéal lena dhearbhu go dtéitear i ngleic leis na nithe seo a leanas. - Go leanann na hospidéal de shocruithe oibre a bheith acu chun ligean dóibh cleachtadh príobháideach na sainchomhairleoirí aonair a athbhreithniú. - Tuairiscí ospidéal ar chleachtadh poiblí/príobháideach sainchomhairleoirí a athbhreithniú. - Idirghabhálacha/gníomhartha a rinneadh i ndáil le neamh-chomhlíontacht daoine aonair a athbhreithniú. - A dhearbhu go ndearnadh na hathbhreithnithe sceidealaithe ar phleananna oibre agus aon ghníomhartha ag éirí astu.
Dearbhú i scríbhinn	Dearbhú i scríbhinn le tabhairt ag Grúpaí Ospidéal do Stiúrthóir Náisiúnta na nOspidéal Géarmhíochaine ina ndearbhaítear go ndearnadh gníomhartha oiriúnacha chun aghaidh a thabhairt ar réimsí neamh-chomhlíontachta ag sainchomhairleoirí ó thaobh uaireanta an chloig a oibríodh, cleachtadh lasmuigh den láthair agus meascán poiblí/príobháideach.
Iniúcháireacht Inmheánach	Iniúcháireacht inmheánach FSS chun a tuairimí a nochtadh maidir leis an gcreat agus an próiseas, agus go háirithe, cibé a mbeifí ábalta comhlíontacht a bhunú leis an iniúcháireacht ar an gcreat.
Athbhreithnithe ar spriocanna	Athbhreithnithe ar spriocanna maidir le comhlíontacht lena chinntiú go bhfuil an próiseas dearbhaithe ag feidhmiú ag leibhéal an Ospidéal agus an Ghrúpa Ospidéal.
An Coiste Iniúcháireachta	Coiste Iniúcháireachta FSS le comhlíonadh conartha sainchomhairleoirí a chuimsiú ina chlár oibre agus, go háirithe, comhlíontacht a mheas mar chuid dá athbhreithniú ar phróiseas bliantúil um rialú inmheánach a dhearbhu.

Foinse: An Roinn Sláinte agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte